

A DEANAMH CEILPE.

Is iomadh caoi le haghaidh ceilp a dheanamh. Nach bhfeicim-se ceilp a teacht ar chéibh Chill Chiaráin nach mbíodh aon bhlas innte ach cobhairleach agus thagadh ceilp eile ann agus dheamhain blas abhíodh innte ach feamainn dhubh.

Rinne mé ceilp uair agus níor chuir mé aon bhlas innte ach cabhairleach agus níor thug mé aon tsuathadh ariamh uirthi ach í a bhualadh anuas le sluasaid. Thug mé go Cill Chiaráin í bhí go leór ceilpe eile ar a gcéibh ach ní raibh aon cheilp cabhairligh ann ach í fhéin agus ceilp eile. Ba le fear as Litir Maoláin fear dhe Chlann Dhonachadh freisin an ceilp eile seo. Ní raibh aon ceilp ar a' gcéibh deanta ar a gcaoi a raibh siad ag iarraidh í a dheanamh ach an dá cheilp. Tá daoine a cainnt ar test. Bhoil tháinig Pat Dick anuas as a stór. "A Chlann Dhonachadh" adeir sé "níl aon cheilp ar a gcéibh nach ndeachaigh lán praigheas ach a gcuid ceilpe" "Is tusa is cionntach " adeirim se.

Bhí mé bliadhain eile a deanamh ceilpe agus d'fhan cheithre lucht cabhairligh agam, an bhliain a'r gcionn ann sin ní raibh mé a deanamh ceilpe chor a bith. Ach chuaigh mé isteach go hínis Músara lá a breathnughadh ar a gcabhairleach agus dubhairt mé le fear a bhí an aonfeacht liom "meas tú a bhfuil aon tseans go ndeanfainn aon ceilp aisti sin." "Tá fhios a'm go ndéanfair" adeir sé ach bain cúpla lucht feamaine duibhe agus cuir thríthe í." Cúpla lá ina dhiadh sin cuaidh mé isteach dhá lá i ndiaidh a chéile agud bhain mé creidim suas le lucht feamaine. Tharring mé suas ansoin le cliabh í agus thriomughigh mé í. Píosa ina dhiaidh sin chuaigh mé isteach ag á dógh. Bhí an fheamainn dhubh an-tirim agus las mé ar dtús í. Las sí suas thar cionn. Chuir mé an cabairleach uirthi ansoin. Bhí an chabairleach chomh bán le salann sáile leis an aois agus ba ar éigin a b'fhéidir í a a dhógh bhí an oiread sin ola innte. Tuairim seachtmain ina dhiadh sin thug mé go Cill Chiaráin í mé fhéin agus stócach eile ar a' mbaile. Chúig chéud déag a sheas na cheithre lucht cabhairligh agus an lucht feamaine dhuibh ach go raibh lucht dhe'n chabhairleach imtighe leis an aois. Déarfain nach nach raibh ann ach trí lucht cabhairligh. Tháinig Pat Dick anuas thar éis an test a thógail. "Cé'n chaoi a ndearnaidh tú an cheilp sin a Mhicilín" adeir sé "boil" adeirm-se chomh maith agus dá mbeadh an leabhar a'm ná chomh maith agus dá mbeinn a dhul ag fhaoisdín inniseóchaidh mé sin dhuit" agus d'innis. "Bhoil" adeir sé dhá mbeadh céud punt a dhul dho'n duine is fhear a thiubhrfhadh ceilp anseo is duit a bheadh sé a dul. "Ó tháinig mise go Cill Chiaráin" adeir sé " ní fhaca mé aon cheilp is fearr ná í." Fuair mé an praigheas b'a aoirde an bhliain sin. Sílim fhéin gur mar sine an chabhairleach is fearr atá sí i ndon ceilp a dheanamh.

Is iomdha sgéul faoi dheanamh ceilpe, ach tá an ghráin a'm sa a bheith cuir síos uirthi mar chuir sí droch chaoi orm mar chuir sí ar chuile dhuine eile a bhí a pléadh léithi. Chaith mé seacht déag no ocht déag dhe bhlianta shíos 'sa sáile léithi moch is deirneach.

Sé'n chaoi a mbainntear an fheamainn ar dtús. An chabhairleach agus na slata mara is fearr le na haghaidh. Triomuigheantar ansoin í agus deantar cocaí beaga dhi mar déantar dhe

fhéar agus nuair a bheas sí tirim go maith ansoin deantar coca mór di. Cuirtear clúdach uirthi ansoin le haghaidh an bháisteach a choingbheal uaithe. Tá an bháisteach go dona aici. Sé an chaoi a dtriomuighítear na slata mara iad a chur ar bhallaí a bhíous deanta le na naghaidh. Nuair abhíous a dóthain tuar fáighte ag a bhfeamainn dóightear í agus bíonn sí ina ceilp ansoin.

Séur d a chonnaic mé fhéin faoi ceilp gur mar is dona a bheadh ceilp ag duine gur mar is fearr a sheasfhadh sí praigheas. Bféidir go mbeadh sí ceart marach na daoine fhéin ach nuair a thosuigh sí ar dtús bhí siad a cur clocha agus gainnimh innte ag iarraidh í a deanamh trom ach sé chaoi ar mhill.